# Comhairliúchán ar Chreat Cistiúcháin an ÚAO

Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) ag tabhairt cuireadh do chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin ón ÚAO nó óna gcomhlachtaí ionadaíocha aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an "gCreat Cistiúcháin" atá beartaithe, rud atá ar fáil le haghaidh comhairliúcháin **anseo https://hea.ie/funding-governance-performance/funding/funding-framework-consultation/**.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm ar líne seo, faoin **07/04/2025.**

Tabhair faoi deara go bhfuil **raon feidhme an phróisis comhairliúcháin teoranta don Chreat Cistiúcháin, mar atá leagtha amach in alt 37 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022**. Ní thagann aon nithe eile faoi raon feidhme an phróisis comhairliúcháin seo, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh: na méideanna cistiúcháin a chuirfear ar fáil; incháilitheacht do chistiú faoi scéimeanna cistiúcháin aonair agus faoi chláir chistiúcháin aonair; na méideanna táillí, na stipinní agus na tacaí mac léinn a bheidh ar fáil; agus tuarastail, cúiteamh nó aon nithe eile a bhaineann le fostaíocht. **Ní bhreithneofar aon aighneachtaí a bhaineann le nithe nach dtagann faoi raon feidhme an phróisis comhairliúcháin.**

Is féidir ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas comhairliúcháin seo a sheoladh chuig FundingFramework@hea.ie.

**Cosaint sonraí:** Iarrtar ar rannpháirtithe sa chomhairliúchán ar an gCreat Cistiúcháin gan sonraí pearsanta a thabhairt i gcás nach lorgaítear go sonrach iad. Tá an fógra bailiúcháin sonraí ar fáil **anseo https://hea.ie/funding-governance-performance/funding/funding-framework-consultation/**.

* Required

## Faisnéis Fút

Chun gur féidir athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar aighneachtaí, cuirfimid roinnt ceisteanna fút féin mar rannpháirtí sa phróiseas comhairliúcháin seo. Cuir in iúl cé acu atá tú ag déanamh aighneachta thar ceann eagraíochta nó mar dhuine aonair. I gcás go bhfuil tú ag déanamh aighneacht institiúideach, ceanglaítear ort roinnt faisnéise breise a thabhairt, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist teagmhála. Féadfaidh rannpháirtithe atá ag déanamh aighneacht aonair ainm agus seoladh ríomhphoist teagmhála a thabhairt, más mian leo déanamh amhlaidh.

1. 1. Toiliú an rannpháirtí le próiseáil sonraí: Tá sé amhlaidh go dtoilím le mo shonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ar an modh atá leagtha amach san fhógra seo (* riachtanach) *

   ◯ Tá

   ◯ Níl

2. An bhfuil tú ag déanamh aighneachta mar ionadaí údaraithe thar ceann eagraíochta (aighneacht institiúideach) nó thar do cheann féin (aighneacht aonair)? (* riachtanach) *

   ◯ Aighneacht institiúideach

   ◯ Aighneacht aonair

3. Deimhnigh go bhfuil údarás agat an aighneacht seo a dhéanamh thar ceann d'eagraíochta faoin bpróiseas comhairliúcháin ar Chreat Cistiúcháin an ÚAO, ar aon dul leis na rialacha agus na beartais is infheidhme de chuid d'eagraíochta. *

- ◯ Tá údarás agam
- ◯ Níl údarás agam - is mian liom aighneacht aonair a dhéanamh
- ◯ Níl údarás agam - is mian liom an ceistneoir a scor

4. Tabhair d'ainm (céadainm, sloinne agus teideal, de réir mar a bhaineann) (* riachtanach, 200 carachtar ar a mhéad) *

Please enter at most 200 characters

5. Tabhair do sheoladh ríomhphoist teagmhála *

Please enter an email

6. Tabhair ainm na heagraíochta a bhfuil tú ag déanamh na haighneachta thar a ceann (* riachtanach, 200 carachtar ar a mhéad) *

Please enter at most 200 characters

7. Ón liosta seo a leanas, cuir in iúl cén rogha is fearr a chuireann síos ar an gcineál eagraíochta atá i gceist (* riachtanach) *

- ◯ Institiúid Ainmnithe Ardoideachais (in Éirinn amháin)
- ◯ Institiúid Neamhainmnithe Ardoideachais - a chistítear go poiblí (in Éirinn amháin)
- ◯ Soláthraí Príobháideach Ardoideachais (in Éirinn amháin)
- ◯ Soláthraí Eile Oideachais Threasaigh
- ◯ Comhlacht Ionadaíoch - Ardoideachas (in Éirinn amháin)
- ◯ Eagraíocht Déanta Taighde
- ◯ Eile - sonraigh

8. Sonraigh an cineál eagraíochta atá i gceist: (* riachtanach, 200 carachtar ar a mhéad) *

Please enter at most 200 characters

9. Cuir in iúl an ról atá agat san eagraíocht: (* riachtanach, 200 carachtar ar a mhéad) *

Please enter at most 200 characters

10. Aighneacht aonair: Féadfaidh tú d'ainm (céadainm, sloinne agus teideal, de réir mar a bhaineann) a thabhairt thíos (200 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 200 characters

11. Aighneacht aonair: Más mian leat do sheoladh ríomhphoist teagmhála a thabhairt, iontráil é thíos

Please enter an email

12. Aighneacht aonair: Féadfaidh tú do chleamhnú institiúideach a chur in iúl thíos (200 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 200 characters

# Creat Cistiúcháin: Mínithe

Sa rannán seo, tugtar cuireadh do rannpháirtithe tuairimí a chur in iúl maidir leis na mínithe atá ar áireamh i gCreat Cistiúcháin an ÚAO.

13. Más mian leat a mholadh go n-áireofaí míniú nó mínithe eile atá sa bhreis orthu sin atá tugtha sa Chreat Cistiúcháin atá beartaithe, sonraigh an téarma nó na téarmaí sin agus an míniú nó na mínithe atá molta agus an réasúnaíocht is bun leis nó leo. (5000 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 5000 characters

14. Más mian leat soiléirithe a mholadh i ndáil le roinnt de na mínithe atá sa Chreat Cistiúcháin atá beartaithe, sonraigh iad sin agus an réasúnaíocht is bun leo thíos. (5000 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 5000 characters

# Creat Cistiúcháin: Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta

15. Más mian leat coinníoll nó coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta sa bhreis a mholadh lena áireamh nó lena n-áireamh sa Chreat Cistiúcháin, sonraigh an coinníoll nó na coinníollacha sin thíos. (5000 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 5000 characters

16. Más mian leat soiléirithe a mholadh i ndáil le roinnt de na coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta atá ar áireamh sa Chreat Cistiúcháin atá beartaithe, tabhair do mholtaí agus an réasúnaíocht is bun leo thíos. (5000 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 5000 characters

# Creat Cistiúcháin: Coinníollacha Sonracha Cistiúcháin

17. Má chreideann tú gur cheart coinníollacha sonracha cistiúcháin sa bhreis a bhreithniú lena n-áireamh sa Chreat Cistiúcháin, tabhair do mholtaí agus an réasúnaíocht is bun leo thíos. (5000 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 5000 characters

## Tuairimí Breise

18. Más mian leat tuairimí breise a chur in iúl, bain úsáid as an mbosca thíos. (5000 carachtar ar a mhéad)

Please enter at most 5000 characters

# Níor Toilíodh le Próiseáil Sonraí

19. Chuir tú in iúl nach dtoilíonn tú le próiseáil sonraí chun críocha an phróisis comhairliúcháin seo. Fágann sé sin nach bhféadfaidh tú aighneacht a dhéanamh. Más mian leat dul siar agus toiliú le próiseáil sonraí, fill ar ais ar an gceistneoir agus tosaigh arís. *

○ Scoir

# Níl Údarás ag an Rannpháirtí Aighneacht Institiúideach a Dhéanamh

20. Chuir tú in iúl gur mian leat aighneacht institiúideach a dhéanamh. Chuir tú in iúl freisin, áfach, nach bhfuil údarás agat aighneacht a dhéanamh thar ceann d'eagraíochta. Más mian leat aighneacht aonair a dhéanamh, fill ar ais ar an gceistneoir agus roghnaigh "aighneacht aonair". Mura mian leat aighneacht aonair a dhéanamh, roghnaigh "Scoir".

◯ Scoir

This content is neither created nor endorsed by Microsoft. The data you submit will be sent to the form owner.

Microsoft Forms